RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2418 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Nollaig 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 a mhéid a bhaineann leis na modhanna anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil riandúl agus éilleán próiseála in earraí bia

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 34(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse atá le húsáid chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar na leibhéil riandúl agus éilleán próiseála in earraí bia.

(2) Ar bhonn na faisnéise eolaíche is fearr dá bhfuil ann, rinne Saotharlanna Tagartha an Aontais Eorpaigh i réimse na n-éilleán i mbeatha agus i mbia Treoirdhoiciméad a ullmhú maidir leis an meastachán ar an Teorainn Braite (LOD) agus an Teorainn Chainníochtaithe (LOQ) le haghaidh tomhas i réimse na n-éilleán i mbeatha agus i mbia ([3]). Ós rud é go bhfuil an t-eolas teicneolaíoch cothrom le dáta is fearr sa Treoirdhoiciméad sin, ba cheart na conclúidí atá ann a léiriú sna ceanglais maidir le LOQanna na modhanna anailíseacha le haghaidh arsanaice a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 333/2007.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 a leasú dá réir sin.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 ón gCoimisiún an 28 Márta 2007 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú a dhéanamh ar na leibhéil riandúl agus éilleán próiseála in earraí bia (IO L 88, 29.3.2007, lch. 29).

([3]) Wenzl, T., Haedrich, J., Schaechtele, A., Robouch, P., Stroka, J., *Guidance Document on the Estimation of LOD and LOQ for Measurements in the Field of Contaminants in Feed and Food* [Treoirdhoiciméad maidir le Meastachán ar LOD agus LOQ le haghaidh Tomhas i Réimse na nÉilleán i mBeatha agus i mBia]; EUR 28099, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2016, ISBN 978-92-79-61768-3; doi:10.2787/8931.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Nollaig 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I bpointe C.3.3.1. den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 333/2007, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) Critéir feidhmíochta i dtaca le modhanna anailíse maidir le luaidhe, caidmiam, mearcair, stán neamhorgánach agus arsanaic neamhorgánach

Tábla 5

Paraiméadar	Critéar			
Infheidhmeacht	Bianna a shonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006			
Sainiúlacht	Saor ó thrasnaíochtaí maitríse nó trasnaíochtaí speictreacha			
In-atrialltacht (RSD_r)	$HORRAT_r$ is lú ná 2			
In-atrialltacht (RSD_R)	$HORRAT_R$ is lú ná 2			
Aisghabháil	Tá feidhm ag forálacha phointe D.1.2.			
LOD	= trí dheichiú de LOQ			
LOQ	Stán neamhorgánach	≤ 10 mg/kg		
	Luaidhe	Uasleibhéal ≤ 0,02 mg/kg	0,02 < Uasleibhéal < 0,1 mg/kg	Uasleibhéal ≥ 0,1 mg/kg
		≤ Uasleibhéal	≤ dhá thrian den Uasleibhéal	≤ aon chúigiú amháin den Uasleibhéal
	Caidmiam, mearcair	Uasleibhéal ≤ 0,02 mg/kg	0,02 < Uasleibhéal < 0,1 mg/kg	Uasleibhéal ≥ 0,1 mg/kg
		≤ dhá chúigiú den Uasleibhéal	≤ dhá chúigiú den Uasleibhéal	≤ aon chúigiú amháin den Uasleibhéal
	Arsanaic neamhorgánach agus arsanaic iomlán	Uasleibhéal ≤ 0,03 mg/kg	0,03 < Uasleibhéal < 0,1 mg/kg	Uasleibhéal ≥ 0,1 mg/kg
		≤ Uasleibhéal	≤ dhá thrian den Uasleibhéal	≤ dhá thrian den Uasleibhéal"